

Creat Foghlama Digití

Ceistneoir Féinmheasúnaithe Ceannaireachta

Caighdeán 2.1: Timpeallacht foghlama ordúil, shlán agus shláintiúil a chothú, agus í a choinneáil trí chumarsáid éifeachtach.

1. Tacaíonn ár gcórais cumarsáide digití le soiléireacht, le comhsheasmhacht, agus le hinrochtaineacht. (Rogha - Aontaím go láidir, Aontaím, Nílím cinnte, Easaontaím, Easaontaím go láidir)

2. Cinntím go dtugtar aghaidh ar an tsábháilteacht dhigiteach agus ar fholláine an scoláire i mbeartais agus i gcleachtais na scoile. (Cinntím/Ní chinntím)

3. Déanaimid athbhreithniú agus nuashonrú rialta ar ár bPolasaí Úsáide Inghlactha de réir forbairtí digiteacha. (Déanaimid/Ní dhéanaimid)

4. Cuirim saoránacht dhearfach dhigiteach agus úsáid fhreagrach na teicneolaíochta chun cinn i measc scoláirí. (Cuirim/Ní chuirim)

5. Tacaítear le baill foirne aghaidh a thabhairt ar an tsábháilteacht ar líne, ar an gcibearbhulaíocht, agus ar an bhfolláine. (Rogha - I gcónaí, Go minic, Uaireanta, Go hannamh, Riamh)

6. Úsáidtear uirlisí digiteacha le monatóireacht a dhéanamh ar thinreamh, ar iompar, agus ar struchtúir thacaíochta an scoláire, agus lena mbainistiú. (Úsáidtear/Ní úsáidtear)

7. Léiríonn timpeallacht ár scoile cothromaíocht idir rannpháirtíocht dhigiteach agus feasacht ar an bhfolláine. (Rogha - Aontaím go láidir, Aontaím, Nílím cinnte, Easaontaím, Easaontaím go láidir)

